Feirmeacha gaoithe sna Déise

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fheirmeacha gaoithe atá le tógáil i bPort Láirge.

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí buille faoi thuairim ar ábhar na míre.

Ceist 2 Ceangail na focail Ghaeilge leis na focail Bhéarla thíos.

1. *furious*	a. *cáil*
2. *proposed*	b. *togra*
3. *wind turbines*	c. *grúpa gníomhaíochta*
4. *action group*	d. *frustrachas*
5. *consultation*	e. *taobh thiar de*
6. *reputation*	f. *beartaithe*
7. *behind*	g. *buartha, imníoch*
8. *continuous noise*	h. *fuaim leanúnach*
9. *proposal*	i. *tuirbíní gaoithe*
10. *frustration*	j. *ar buile*
11. *worried*	k. *comhairliúchán*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna:

1. Cén fáth a bhfuil muintir na nDéise ar buile?
2. Cén fáth a bhfuil cáil mhór ar Ghaeltacht na nDéise?
3. Cé a thógfaidh an fheirm má thógtar í?
4. Cé chomh mór is atá na tuirbíní atá i gceist?
5. Cad a deir Irial Mac Murchú faoin torann a dhéanann siad?
6. Cén fáth ar bunaíodh an grúpa *Seas le Chéile, Seas go hArd*?
7. Cá mbeidh an cruinniú ar siúl?
8. Cén t-am a bheidh an cruinniú ar siúl?

Ceist 4 '…i **g**ceist…'

Éist leis an gcéad chuid den mhír agus breac síos gach urú a chloiseann tú inti.

Ceist 5 '…ar an gCéadaoin…' agus '…Dé Céadaoin…'

Breac síos laethanta na seachtaine. Cuir ***ar an*** roimh na laethanta ansin. Féach ar an sampla ón mír thuas.

Ceist 6 Obair bheirte:

1. Scríobh amach laethanta na seachtaine arís sa cholún ar chlé.
2. Scríobh amach imeacht amháin a dhéanann tú gach lá agus an t-am a dhéanann tú é.
3. Cuir ceisteanna ar an duine in aice leat faoi na rudaí a dhéanann siad gach lá.

Mar shampla:

Dé Luain	Traenáil Chiorcad 6pm

- Cad a dhéanann tú ar an Luan?
- Bíonn traenáil chiorcad agam ar an Luan, ag a sé a chlog. Cad a dhéanann tú féin ar an Luan?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2
Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
j	f	i	c	k	a	e	h	b	d	g

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
Cuir an chéad chuid den mhír ar siúl arís cúpla uair, ag stopadh sula labhraíonn Irial Mac Murchú.

Siún Nic Gearáilt
Anois, tá an pobal i **n**Gaeltacht na **n**Déise ar buile go bhfuil sé beartaithe feirmeacha gaoithe a thógáil sa cheantar sin. Tuigtear go bhfuil sé i **g**ceist tuirbíní gaoithe a thógáil idir an Seanphobal, an Rinn agus Aird Mhór in iarthar Phort Láirge. Deir an grúpa gníomhaíochta *Seas le Chéile, Seas go hArd* nach bhfuil mórán eolais ná comhairliúchán faighte acu faoin togra, agus go bhfuil imní ar dhaoine go **n**déanfar díobháil mhillteanach don dúthaigh.

Marian O'Flaherty
Ta imní ar mhuintir na háite anseo sa Rinn, i **n**Gaeltacht na **n**Déise i **b**Port Láirge de bharr go bhfuil sé i **g**ceist tuirbíní gaoithe a thógáil sa dúthaigh. Tá cáil mhór ar an **n**Gaeltacht anseo, go mór mór mar gheall ar an iarracht atá muintir an cheantair á déanamh chun an Ghaelainn a chur chun cinn. Agus, tagann na mílte scoláirí anseo chun Gaelainn a fhoghlaim. Ach anois, tuigtear go bhfuil sé beartaithe ag comhlacht ón **n**Gearmáin, roinnt tuirbíní gaoithe a thógáil anseo – idir Aird Mhór, an Seanphobal agus an Rinn. Agus tá muintir na háite ar buile faoi.

Ceist 5
Dé Luain, ar an Luan
Dé Máirt, ar an Máirt nó ar an Mháirt
Dé Céadaoin, ar an gCéadaoin nó ar an Chéadaoin
Déardaoin, ar an Déardaoin
Dé hAoine, ar an Aoine
Dé Sathairn, ar an Satharn
Dé Domhnaigh, ar an Domhnach

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin ceisteanna a chur ar fhoghlaimeoirí áirithe faoina ndéanann siad.

Siún Nic Gearáilt
Anois, tá an pobal i nGaeltacht na nDéise ar buile go bhfuil sé beartaithe feirmeacha gaoithe a thógáil sa cheantar sin. Tuigtear go bhfuil sé i gceist tuirbíní gaoithe a thógáil idir an Seanphobal, an Rinn agus Aird Mhór in iarthar Phort Láirge. Deir an grúpa gníomhaíochta[1] *Seas le Chéile, Seas go hArd* nach bhfuil mórán eolais ná comhairliúchán faighte acu faoin togra, agus go bhfuil imní ar dhaoine go ndéanfar díobháil mhillteanach don dúthaigh[2].

Marian O'Flaherty
Ta imní ar mhuintir na háite anseo sa Rinn, i nGaeltacht na nDéise i bPort Láirge de bharr go bhfuil sé i gceist tuirbíní gaoithe a thógáil sa dúthaigh. Tá cáil mhór ar an nGaeltacht anseo, go mór mór mar gheall ar an iarracht atá muintir an cheantair á déanamh chun an Ghaelainn a chur chun cinn. Agus, tagann na mílte scoláirí anseo chun Gaelainn a fhoghlaim. Ach anois, tuigtear go bhfuil sé beartaithe ag comhlacht ón nGearmáin, roinnt tuirbíní gaoithe a thógáil anseo – idir Aird Mhór, an Seanphobal agus an Rinn. Agus tá muintir na háite ar buile faoi.

Irial Mac Murchú, Conaitheoir
Is rudaí móra millteacha iad na tuirbíní gaoithe seo, céad ochtó méadar ar airde, sin caoga faoin gcéad níos airde ná *an spire* ar Shráid Uí Chonaill i mBaile Átha Cliath. Is iad tógtha na céadta méadar taobh thiar de thithe na ndaoine atá i gceist sa chás seo. Anois, is rudaí móra coincréite agus cruach iad seo. Ní rudaí deasa iad. Tá siad róghairid do na tithe agus tá fuaim leanúnach mar a bheadh héileacaptar i do chúlghairdín, ceithre uair fichid in aghaidh an lae.

Marian O'Flaherty
Bunaíodh grúpa áitiúil, chun cur in aghaidh an togra, as an bhfrustrachas a bhí ar mhuintir na háite.

An Comhairleoir Conor D. McGuinness, Sinn Féin, Port Láirge
Tá easpa eolais i gceist anseo. Tá ceisteanna ag daoine agus níl aon eolas ag teacht chucu. *So*, beidh cruinniú an tseachtain seo chugainn chun é seo a phlé. Tá cruinniú eagraithe ag roinnt daoine sa phobal atá buartha agus imníoch mar gheall air seo. Tá sé ag tarlú ar an gCéadaoin ag a hocht a chlog. Dé Céadaoin seo chugainn, an naoú lá, i halla pobail na Rinne.

Marian O'Flaherty, Nuacht TG4, An Rinn i nGaeltacht na nDéise.

[1] *gnímh* a dúradh
[2] *dúiche* an leagan caighdeánach